etbi
Education and Training Boards Ireland
*Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann*

# Aighneacht chuig An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le Dréachtsonraíocht Ghaeilge na hArdteistiméireachta (T1)

Ullmhaithe ag Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann

**Samhain 2021**

## Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ)

## Aighneacht chuig An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta maidir le Dréachtsonraíocht Ghaeilge na hArdteistiméireachta (T1)

### Réamhrá

Tá Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ) mar chomhlacht ionadaíoch náisiúnta ar na sé Bhord Oideachais agus Oiliúna (BOO) déag sa tír. Bunaíodh na Boird Oideachais agus Oiliúna in 2013 chun oideachas agus oiliúint a chur ar fáil do phobal na hÉireann fud fad na tíre. Faoi láthair, tá 246 scoil ag an iar-bhunleibhéal faoi chúram na mBord Oideachais agus Oiliúna, 48 díobh siúd a sholáthraíonn oideachas trí mheán na Gaeilge. Ciallaíonn sé sin go bhfuil an líon is mó iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge/Gaeltachta in earnáil na mBord Oideachais & Oiliúna. Is ag leibhéal náisiúnta a thacaíonn Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann leis na Boird Oideachais agus Oiliúna agus leis na scoileanna atá faoina gcúram.

Tá Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (BOOÉ) tiomanta don tumoideachas agus don Ghaeilge agus déantar gach iarracht freastal ar na scoileanna chun ardchaighdeán oideachais a chur ar fáil do scoláirí a dteastaíonn uathu foghlaim trí mheán na Gaeilge. Tá dul chun cinn ollmhór déanta ag BOOÉ le cúpla bliain anuas chun tacú lenár scoileanna lán-Ghaeilge – scoileanna Gaeltachta, Gaelcholáistí agus Aonaid lán-Ghaeilge. Idir chomhdhálacha spreagúla a eagrú, pobail chleachtais a fhorbairt, acmhainní úsáideacha a dhearadh agus a bheith mar ghuth do na scoileanna ag leibhéal náisiúnta, tá BOOÉ an-bhródúil as an tacaíocht a chuirtear ar fáil do scoileanna, do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile.

Cuireann BOOÉ agus scoileanna na mBord Oideachais agus Oiliúna fáilte mhór roimh an bpróiseas comhairliúcháin seo. Tá sé tábhachtach go dtabharfaí aitheantas do thuairimí agus dearcthaí na scoileanna seo maidir leis an ábhar fíorthábhachtach seo. Mar eolas cúlra, tugadh deis do na scoileanna tabhairt faoi shuirbhé de chuid BOOÉ agus mar sin, tá an aighneacht seo bunaithe ar ghuth na scoileanna in earnáil na mBord Oideachais agus Oiliúna. Gabhann BOOÉ buíochas le CNCM as an obair atá déanta aici go dtí seo ar an ábhar seo. Cé go bhfuil pointí dearfacha le haithint, caithfear a rá go bhfuil buairt agus imní ar thromlach na scoileanna agus na múinteoirí i dtaobh a bhfuil molta sa dréachtsonraíocht. Iarrann BOOÉ ar CNCM iniúchadh a dhéanamh ar an méid atá luaite thíos agus éisteacht lena bhfuil le rá ag scoileanna na mBord Oideachais agus Oiliúna.

## An dearcadh atá ag scoileanna ar Shonraíocht T1 ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí go dtí seo

Cé go ndíríonn an aighneacht seo ar Dhréachtsonraíocht na hArdteistiméireachta, tá sé tábhachtach foghlaim ón méid atá ag tarlú faoi láthair ag leibhéal na Sraithe Sóisearaí. Tá neart ceachtanna le foghlaim agus níor mhaith le scoileanna go ndéanfaí na 'botúin' chéanna arís amach anseo.

- Tá ráite ag scoileanna go bhfuil an iomarca litríochta le clúdach, go gcuirtear an iomarca brú ar scoláirí agus mar sin go milltear an taitneamh atá le baint as an eispéireas. Cén fáth go bhfuil gá le liosta chomh fada, seachas staidéar níos doimhne a dhéanamh ar liosta litríochta níos giorra?
- Tá fianaise ann anois go bhfuil scoláirí agus a dtuismitheoirí ag roghnú tabhairt faoin Ardteistiméireacht i scoil lán-Bhéarla seachas fanacht i suíomh lán-Ghaeilge mar gheall ar an ualach oibre. Tá an creimeadh seo ar líon na scoláirí sna Gaelcholáistí agus sna hAonaid lán-Ghaeilge ach go háirithe ag cur na scoileanna seo faoi bhrú ó thaobh uimhreacha de. Ní hamháin sin, tá na scoileanna seo ag iarraidh an Ghaeilge a chaomhnú agus a chosaint, agus gan scoláirí, beidh sé dúshlánach é sin a dhéanamh.
- Tá scoileanna buartha mar gheall ar an easpa aitheantais a thugtar don Ghaeilge labhartha. Leis an seanchóras, mheall an 40% a bhí ag dul don bhéaltriail scoláirí le tabhairt faoin teanga ag an Ardleibhéal agus an Ghaeilge a fheiceáil mar theanga bheo. Cé go bhfuil sé ráite go gcuirtear béim ar an ngné labhartha tríd an bhfoghlaim, ní leor é. Ba chóir aitheantas a thabhairt don teanga labhartha sa mheasúnú chun scoláirí a mhealladh agus grá a chothú don teanga.
- Is cuid lárnach den mheasúnú iad na Measúnuithe Rangbhunaithe (MRBanna). É sin ráite, tá an dearcadh ann nach leor tuairiscín mar aitheantas don mhéid oibre a dhéantar chun na critéir a chomhlíonadh. Tá athbhreithniú ag teastáil ar an gcur chuige seo.
- Ar cheann de na pointí is conspóidí a bhaineann leis an díospóireacht idir T1 agus T2, i gcás na scoileanna lán-Ghaeilge, ná an bhfuil sé cothrom go mbeadh scoláirí ó chúlra lán-Bhéarla sa bhaile ach ag freastal ar Ghaelcholáiste nó Aonad lán-Ghaeilge a bheith ag tabhairt faoin tsonraíocht chéanna is a bheadh ar siúl ag scoláire atá sáite sa Ghaeilge ó mhaidin go hoíche i gceantar Gaeltachta? Tá athbhreithniú ag teastáil ar an bpointe seo. An bhfuil sé oiriúnach sonraíocht T1 a bhrú ar scoláirí nó an bhfuil sé de cheart acu go mbeadh rogha ag scoil agus/nó ag scoláirí aonair tabhairt faoin tsonraíocht T2?

## Buanna i nDréachtsonraíocht na hArdteistiméireachta

I measc na mbuanna, cuirtear fáilte roimh na sonraí seo a leanas:

- Tá deis chun litríocht nua-aimseartha a bheith mar chuid den chúrsa.
- Tá scoileanna sásta go bhfuil deireadh ag teacht leis na sraitheanna pictiúr toisc go raibh 20 ceann iomarcach ar scoláirí.
- Cuirtear fáilte roimh choinneáil na béaltrialach agus na cluastuisceana.

  Is rud dearfach é go bhfuil béim anois ar fhéinfheasacht an fhoghlaimeora agus go nglacfadh sé/sí úinéireacht ar a bhfoghlaim féin.

  Tá sé dearfach chomh maith go bhfuil an leanúnachas ann maidir leis an bpunann teanga ón tSraith Shóisearach. Cuireann sé go mór leis an bpointe thuas agus féinfheasacht an mhúinteora.

## Lochtanna/Doiléireacht i nDréachtsonraíocht na hArdteistiméireachta

I measc na lochtanna a d'ardaigh scoileanna, bhí na pointí seo a leanas :

- Ba cheart liosta litríochta a fhoilsiú ag an am céanna leis an dréachtsonraíocht. Ní féidir an dréachtsonraíocht a mheas i gceart gan é.
- Ba cheart go mbeadh cúiteamh ar fáil do dhaltaí T1 (pointí bónais nó eile) as cúrsa níos dúshlánaí agus/nó cúrsa níos faide agus níos toirtiúla a dhéanamh. (Mar a tharlaíonn leis an tSraith Shóisearach, tá ualach oibre i bhfad níos mó curtha ar ghualainn na scoláirí i scoileanna T1, rud nach gcuireann leis an bhfoghlaim in aon chor).
- Ba cheart go mbeadh níos mó eolais á chur ar fáil leis an dréachtsonraíocht. Tá soiléiréacht ó thaobh sonraí de maidir le cúrsaí measúnaithe; na scrúduithe béil, cur chuige na punainne, liosta litríochta, na ceisteanna litríochta, na tnuatháin go ginearálta agus araile.
- Ní raibh deis ann go fóill foghlaim ó shonraíocht na sraithe sóisearaí toisc nár thug na scoláirí faoi na scrúduithe scríofa go fóill. Mar gheall air sin, conas is féidir dréachtsonraíocht don Ardteistiméireacht a ullmhú gan ceachtanna a fhoghlaim ó athbhreithniú iomlán ar chúrsa na Sraithe Sóisearaí. Bheifeá ag súil le leanúnachas ó chúrsa amháin go cúrsa eile, ach ag an bpointe seo níl dóthain fianaise ann chun tacú leis.
- Ba cheart pacáiste de scrúduithe samplacha agus scéim mharcála a bheith foilsithe in éineacht leis na socraíochtaí agus dréachtsonraíochtaí. Go dtí go mbíonn deireadh le córas na bpointí, beidh na scrúduithe scríofa ina gcuid lárnach den mheasúnú.
- Níl sé soiléir ón dréachtsonraíocht an bhfuil plean cuimsitheach le bheith i bhfeidhm maidir le hoiliúint mhúinteoirí sula dtugann scoláirí faoin dréachtsonraíocht nua. Tá ceachtanna le foghlaim ón gcaoi a cuireadh an oiliúint ar fáil ag leibhéal na sraithe sóisearaí. Le plean cuimsitheach i bhfeidhm, chuirfeadh sé deireadh le míshástacht i measc múinteoirí.
- Ní léir go mbeadh ábhair thacaíochta réidh in am chun cabhrú le múinteoirí. Tá sé tábhachtach go mbeadh deis ag na seirbhísí tacaíochta agus ag foilsitheoirí acmhainní a dhearadh in am.
- Cuireann sé as go mór do mhúinteoirí go bhfuil laghdú ar líon na marcanna don scrúdú béil. Beatha teanga í a labhairt agus is í an aidhm is mó atá againn ná scoláirí a spreagadh agus a mhealladh chun Gaeilge a labhairt. Tá athbhreithniú ag teastáil go géar ar an bpointe sin.

## Impleachtaí do Scoláirí maidir le Dréachtsonraíocht na hArdteistiméireachta

- Tá fianaise ann ó mhúinteoirí go bhfuil an-tóir ag scoláirí ar an scrúdú béil agus ar labhairt na teanga. Iarrtar ar CNCM tús áite a thabhairt don ghné seo den mheasúnú sa dréachtsonraíocht.

  Tá scoláirí buartha nach bhfaighidh siad cothromaíocht má fhanann siad i suíomh lán-Ghaeilge. Tá an dearcadh ann go mbeadh an saol i bhfad níos éasca dóibh tabhairt faoi shonraíocht T2 i scoil lán-Bhéarla agus, dá bharr seo, go gcaillfidís amach ar eispéireas an tumoideachais. Chuirfeadh sé seo isteach go mór ar líon na scoláirí a fhreastalaíonn ar scoileanna lán-Ghaeilge. Fás agus forbairt an tumoideachais atá ag teastáil, ní meath!
- Tá ionadh ar scoláirí, go háirithe orthu siúd lasmuigh den Ghaeltacht, go bhfuil ualach oibre níos mó orthu chun grád sa Ghaeilge a bhaint amach agus gan tagairt ar bith do chúiteamh sa bhreis dá n-iarrachtaí. Tá iniúchadh ag teastáil go géar ar an bpointe seo.

## Impleachtaí don Ghaeilge mar Theanga

- Ba chóir go mbeadh CNCM feasach i dtaobh na buartha go dtiocfaidh meath ar líon na gcainteoirí Gaeilge, ach go háirithe agus laghdú molta ar líon na marcanna a bheadh ag dul don scrúdú béil.
- Tá scoileanna na mBord Oideachais agus Oiliúna buartha faoi chúrsaí folláine na scoláirí agus faoin mbrú a chruthófar leis an dréachtsonraíocht seo. Tiocfaidh meath ar an taitneamh atá le baint as foghlaim agus úsáid na Gaeilge.
- Tá buairt ann mar gheall ar thodhchaí na nGaelcholáistí agus na scoileanna Gaeltachta. Má tá an chuma ar an scéal go bhfuil rogha níos éasca ar fáil do scoláirí/thuismitheoirí agus córas na bpointí fós i bhfeidhm, cén fáth go roghnódh scoláire rogha níos dúshlánaí?
- Le blianta anuas, tá iarrachtaí déanta ag páirtithe leasmhara, An Roinn Oideachais san áireamh, chun íomhá dearfach a chruthú i leith na Gaeilge. Táimid bogtha ar aghaidh ó laethanta 'Peig' agus Stair na Litríochta go téacsanna nua-aoiseacha agus teanga bheo le féidearthachtaí agus deiseanna amach anseo do scoláirí. Cén fáth go mbeadh cúlú i gceist leis an dréachtsonraíocht nua seo. Teastaíonn ó gach duine an Ghaeilge agus oideachas lán-Ghaeilge a chaomhnú. Tá gá le scoláirí a mhealladh agus a spreagadh agus taispeáint dóibh go bhfuil i bhfad níos mó i gceist lenár dteanga luachmhar.

## Impleachtaí do na ceantair Ghaeltachta

- Tá na ceantair Ghaeltachta ag streachailt mar atá. Tá iarrachtaí ollmhóra ar siúl ag eagraíochtaí éagsúla chun na ceantair Ghaeltachta a chaomhnú agus teaghlaigh nua a mhealladh chucu . Seo deis iontach ag CNCM agus ag an Roinn Oideachais chun cur leis na hiarrachtaí ar bhonn oideachasúil. Ná cuir pionós ar na scoileanna Gaeltachta, agus ualach oibre sa bhreis ar scoláirí, ach lig dóibh taitneamh a bhaint as ár dteanga dhúchais ar bhealach spraíúil agus úsáideach.
- Cén fhianaise atá ann a thaispeánann go gcuirfidh liosta litríochta níos faide ná ceann T2 go mór le foghlaim agus le húsáid na Gaeilge sna ceantair Ghaeltachta? Go dtí go mbíonn a leithéid ann, tá athbhreithniú de dhíth ar an gcur chuige seo.

  Beatha teanga í a labhairt. Tá sé riachtanach i gceantair Ghaeltachta go mbeadh fáil ar scoil dara léibhéal chun freastal ar na bunscoileanna Gaeltachta. Tá dúshláin cheana féin ag scoileanna beaga Gaeltachta clár curaclaim leathan a chur ar fáil, laghdú daonra, laghdú leithdháileadh múinteoirí, easpa múinteoirí ábhair cáilithe le Gaeilge. Ní luíonn sé le reasún go mbeadh scoileanna atá cheana féin ag obair agus ag treabhadh trí dhúshláin ag lorg breis dúshlán dá bpobal scoile. Tá an Ghaeilge uainn; tá tacaíocht uainn; níl breis dúshlán agus cúrsa éagórach á lorg ag aon phobal scoile.
- Bheadh Gaeilge níos fearr ar iliomad slite ag cainteoirí Gaeilge agus inniúlachtaí acu chun dea-chumarsáid ardéifeachtach a dhéanamh. Chuirfeadh sé sin go mór leis an nGaeltacht, ach dá gcaillfí an cainteoir nach bhfuil chomh 'hacadúil' bheadh an-bhaol ann go gcaillfeadh cainteoirí áirithe a gcuid muiníne agus go stopfadh siad ag ionannú le pobal na Gaeltachta agus go bhfágfaí ar an tairseach iad. Dá dtosnóidís ag samhlú na Gaeilge mar theanga an léinn, nár éirigh leo a bheith rathúil léi sa tsonraíocht, ba bhuille marfach a bheadh ansin do mhuintir na Gaeltachta. Ní mór féachaint chuige go gcumasófar gach foghlaimeoir ar a aistear teanga trí dhíriú ar phróifíl na gcainteoirí agus na bhfoghlaimeoirí éagsúla.

## Leasuithe de dhíth agus moltaí don athbhreithniú

- Tá gá le hathbhreithniú iomlán ar shonraíocht na Sraithe Sóisearaí chun ceachtanna a fhoghlaim agus chun dearadh éifeachtach ar Ghaeilge na hArdteiste a stiúradh amach anseo.
- Tá sé riachtanach go mbeidh béim ar an nGaeilge labhartha (agus í soiléir sa mheasúnú)
- Is gá go mbeidh litríocht shuimiúil mar ghné lárnach den chúrsa má tá a leithéid le bheith ann.
- Tá oiliúint chuimsitheach do mhúinteoirí ag teastáil go géar sula dtugann scoláirí faoin tsonraíocht nua.
- Tá soiléireacht ag teastáil maidir le gnéithe áirithe atá luaite sa dréachtsonraíocht – cur chuige na punainne, cur síos ar an scrúdú béil, leagan amach an scrúdpháipéir, cé

mhéad acu atá le bheith ann, míniú ar na léibhéil éagsúla, líon na gceisteanna agus araile.

- Tá sé tábhachtach go mbeidh cothromaíocht ann idir scoileanna – o An bhfuil gá le sonraíocht T1 & T2? Más ea, an gciallaíonn sé mar sin gur cheart Béarla T1 a thabhairt isteach do scoileanna lán-Bhéarla agus Béarla T2 a thabhairt isteach do na scoileanna lán-Ghaeilge?
    - An bhfuil sé cothrom iarraidh ar scoláirí lasmuigh den Ghaeltacht tabhairt faoi shonraíocht T1 agus iad ag teacht ó chúlra lán-Bhéarla/ó chúlra iasachta?
    - An bhfuil sé cothrom nach mbeadh aitheantas tugtha do scoláirí a thugann faoi shonraíocht T1 agus obair sa bhreis de dhíth?
- An bhfuil sé in am féachaint ar dhá ábhar don Ghaeilge – ceann amháin a dhíríonn ar chúrsaí teanga agus ceann eile a dhíríonn ar chúrsaí litríochta agus ar chultúr?

  Tá neart le foghlaim ó leithéid TEG -Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha, le cinntiú go ndéanfadh gach foghlaimeoir dul chun cinn ón staid ina dtosnódh sé agus go mbeadh deiseanna leanúnacha fadsaoil roimhe le tógaint ar a mbainfeadh sé amach ag leibhéal na hArdteistiméireachta. (Tá cuid mhaith den chur chuige seo le sonrú sa tsonraíocht ach níl rogha leibhéal fairsing go leor.)

## Mar fhocal scoir

Tá gá, ar ndóigh, leis an bpróiseas comhairliúcháin seo maidir le Gaeilge na hArdteistiméireachta. Mar atá ráite cheana, cuireann Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann fáilte roimh an bpróiseas. Tá sé soiléir ó na pointí thuasluaite go bhfuil meas agus grá don teanga i measc scoileanna na mBord Oideachais agus Oiliúna agus is é an rud is mó a theastaíonn uathu ná go ndéanfar gach iarracht le Sonraíocht na hArdteistiméireachta scoláirí a spreagadh, grá don teanga a chothú agus scoláirí a mhealladh i dtreo úsáid na Gaeilge go fadtéarmach amach anseo. Cé go bhfuil imní agus buairt ann, tá sásamh ann chomh maith go bhfuil deis ann anois a bheith páirteach in athdhearadh Ghaeilge na hArdteistiméireachta chun sonraíocht nuálaíoch, chruthaitheach, spreagúil a chur faoi bhráid ár scoláirí amach anseo.

Ullmhaithe ag

Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann

Samhain 2021